Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**7741/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0076 (NLE)**

**ENV 232**
**CLIMA 100**
**POLMAR 12**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Aibreán 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 145 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh, mar chuid den Choinbhinsiún maidir le cosaint mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh ag an gcruinniú aireachta i mí an Mheithimh 2025 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 145 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 145 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.4.2025
COM(2025) 145 final

2025/0076 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh, mar chuid den Choinbhinsiún maidir le cosaint mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh ag an gcruinniú aireachta i mí an Mheithimh 2025**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa mhír aireachta de chruinniú Choimisiún OSPAR de chuid an Choinbhinsiúin i mí an Mheithimh 2025 maidir le cosaint mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh (‘Coinbhinsiún OSPAR’).

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Coinbhinsiún OSPAR

Tá sé d’aidhm ag Coinbhinsiún OSPAR limistéar muirí an Atlantaigh Thoir Thuaidh a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha atá ag gníomhaíochtaí an duine chun sláinte an duine a chosaint, éiceachórais mhuirí a chaomhnú agus, nuair is indéanta, limistéir mhuirí a ndearnadh dochar dóibh a athbhunú. Tá 16 Pháirtí Chonarthacha ann: an tAontas Eorpach[1], an Bheilg, an Danmhairg, an Eilvéis, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iorua, an Íoslainn, an Ísiltír, Lucsamburg, an Phortaingéil, an Spáinn, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe. Bhí an Coinbhinsiún ar oscailt lena shíniú ag Cruinniú Aireachta Choimisiúin Osló agus Pháras an 22 Meán Fómhair 1992, agus tháinig sé i bhfeidhm an 25 Márta 1998.

### 2.2. Coimisiún OSPAR

Is é atá i gCoimisiún OSPAR (a bunaíodh de réir Airteagal 10 den Choinbhinsiún) ionadaithe de chuid gach ceann de na Páirtithe Conarthacha; tagann sé le chéile go tráthrialta agus ag aon am a mheastar gur gá de bharr imthosca speisialta. Áirítear leis na dualgais atá air maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin agus athbhreithniú a dhéanamh ar thosaíochtaí OSPAR, ar bhail an limistéir muirí, ar éifeachtacht na mbeart atá á nglacadh, agus ar an ngá atá le haon bheart breise nó difriúil.

De réir Airteagal 20 den Choinbhinsiún, tá vóta amháin i gCoimisiún OSPAR ag gach Páirtí Conarthach. Tá an tAontas i dteideal líon vótaí atá cothrom leis an líon dá Bhallstáit is Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún. Ní dhéanfaidh an tAontas a cheart vótála a fheidhmiú nuair a fheidhmíonn Ballstáit an Aontais a gceart vótála, agus *vice-versa*.

De réir Airteagal 15(3) den Choinbhinsiún, glacfaidh Coimisiún OSPAR leasuithe ar an gCoinbhinsiún de réir vóta d’aon toil na bPáirtithe Conarthacha.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag Coimisiún OSPAR

Le linn mhír aireachta an chruinnithe bhliantúil, tá Coimisiún OSPAR le cinneadh a ghlacadh lena leasófar Airteagal 1(a) den Choinbhinsiún, chun teorainneacha limistéar muirí OSPAR a leasú chun go n-áireofar ann uiscí atá faoi dhlínse na Portaingéile agus na Spáinne agus uiscí idirnáisiúnta eatarthu sin[2].

Tá sé d’aidhm ag an gcéad ghníomh seo atá beartaithe na huiscí atá timpeall na Macrainéise (Maidéara agus na hOileáin Chanáracha) a chur le limistéar muirí OSPAR, agus a áirithiú gur

---

[1] Cinneadh 98/249/CE ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 1997 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh (IO L 104, 3.4.1998, lch. 1)

[2] Is é 2 573 750 km2 achar iomlán an togra, a bhfuil 875 947 km2 de laistigh de Limistéar Eacnamaíoch Eisiach agus uiscí teorann na Portaingéile agus na Spáinne agus a bhfuil 1 697 803 km2 de sa Mhórmhuir (a bhfuil 944 425 km2 de laistigh de Scairbheacha Ilchríochacha Leathnaithe na Portaingéile agus na Spáinne agus 753 378 km2 eile san áireamh leis an Limistéar)

mó a bheidh OSPAR i gcomhréir le Treoir Réime um Straitéis Mhuirí an Aontais[3] (MSFD), agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar chomhordú ar mhaithe le cosaint agus caomhnú na bithéagsúlachta saibhre agus na n-éiceachóras leochaileach atá i limistéar na Macrainéise.

Do na Páirtithe Conarthacha sin a mbeidh an leasú ar an gCoinbhinsiún daingnithe, glactha nó formheasta acu, tiocfaidh an leasú i bhfeidhm ar an tríochadú lá tar éis don Rialtas Taiscíochta fógraí a fháil ó sheacht bPáirtí Chonarthacha ar a laghad, i gcomhréir le forálacha Airteagal 15 de Choinbhinsiún OSPAR. Ina dhiaidh sin, tiocfaidh an leasú i bhfeidhm d'aon Pháirtí Conarthach eile ar an tríochadú lá i ndiaidh deimhniú, glacadh, nó formheas lena mbaineann a bheith tugtha.

Go dtí go dtiocfaidh an leasú ar Choinbhinsiún OSPAR i bhfeidhm, féadfaidh an Spáinn, an Phortaingéil agus aon Pháirtí Conarthach eile é a chur i bhfeidhm go sealadach, i gcomhréir leis na forálacha ábhartha de Choinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí an 23 Bealtaine 1969, go háirithe Airteagal 25 maidir le 'cur i bhfeidhm sealadach'.

Is é atá sa dara gníomh atá beartaithe cinneadh ó OSPAR maidir le húsáid táirgí áirithe (polaistiréin bhorrtha neamhbhrataithe –(EPS)-, polaistiréin easbhrúite neamhbhrataithe –(XPS)-, agus aon chineál eile cúir phlaistigh neamhbhrataithe i bpontúin agus i mbaoithe) a chosc agus deireadh a chur lena gcur ar an margadh, chun sceitheadh EPS, XPS agus cineálacha eile cúir phlaistigh isteach sa mhuirthimpeallachta a chosc.

Ní chumhdaítear leis an Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide (SUPD)[4] ach srianta maidir le táirgí aon úsáide (coimeádáin bhia, coimeádáin dí agus cupáin le haghaidh deochanna) atá déanta as EPS. Ní chumhdaítear leis comhpháirteanna a bhaineann leis an iascach atá déanta as EPS/XPS. Le linn na caibidlíochta maidir le SUPD, áfach, breithníodh bearta nua féideartha lena gcumhdófaí nithe a bhaineann le hiascaireacht atá déanta as EPS/XPS, ach níor measadh gur leor na sonraí a bhí ar fáil an tráth sin. Tá na sonraí agus an fhaisnéis is gá curtha ar fáil anois ag OSPAR i ndoiciméad cúlra[5] chun tacú leis an gcinneadh atá beartaithe.

Is é atá sa tríú gníomh atá beartaithe beart OSPAR maidir le bainistiú uisce sceite ó chórais glantacháin gáis sceite (EGCS) atá suiteáilte ar bord long a oibríonn i mód oscailte nó i mód iata.

Tá imní ar leith ar Pháirtithe Conarthacha OSPAR maidir le huisce sceite EGCS i limistéir nach gcomhlíontar iontu cuspóirí comhshaoil maidir le substaintí guaiseacha. Cuirtear fianaise shoiléir eolaíoch agus theicniúil ar fáil maidir leis sin i ndoiciméad cúlra nach bhfuil foilsithe faoi láthair. Moltar ann toirmeasc ar sceitheadh i gcás gach long atá feistithe le EGCS agus atá ag seoladh laistigh d'uiscí inmheánacha agus d'fharraigí teorann mar bheart céadchéime. Tacaíonn formhór na bPáirtithe Conarthacha leis an srian ar uisce sceite EGCS. Mar sin féin, d'éileodh mionlach (go háirithe san Iorua agus sa Ríocht Aontaithe) fanacht go bhforbrófaí bearta domhanda amach anseo faoin Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), toisc gurb é IMO an eagraíocht is iomchuí chun rialacha a fhorbairt maidir le loingseoireacht idirnáisiúnta. Ar fud an domhain, tá srianta áitiúla éagsúla ar uiscí sceite EGCS glactha ag níos mó ná 40 tír (lena n-áirítear Páirtithe Conarthacha OSPAR) ina n-aonar, agus le beart OSPAR, chuirfí comhchuibhiú chun cinn agus sholáthrófaí deimhneacht dhlíthiúil do na páirtithe leasmhara ar scála réigiúnach. Thairis sin, fuair rúnaíocht OSPAR deimhniú ó Rúnaíocht IMO go bhfuil bunú rialach réigiúnaí den sórt sin i gcomhréir le nósanna imeachta IMO.

---

3 Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais muirthimpeallachta (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

4 Treoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol

5 https://www.ospar.org/documents?v=60598

I mí na Samhna 2024, thug Cinn Toscaireachta OSPAR dá n-aire an easpa comhdhearcaidh i measc na bPáirtithe maidir le leibhéal uaillmhéine bheart OSPAR a d'fhéadfaí a dhéanamh. Chomhaontaigh siad go leanfaí den obair ar dhréachtchinneadh a fhorbairt (an t-aon ionstraim OSPAR a bheadh ceangailteach ó thaobh dlí de), a chuirfí i láthair mar rogha ag an gcruinniú aireachta.

Tá dhá rogha ceaptha lena mbreithniú ag cruinniú Choiste OSPAR um Thionchar Comhshaoil Ghníomhaíochtaí an Duine ('EIHA') atá le tionól ón 7 go dtí an 11 Aibreán 2025:

(i). togra le haghaidh cinneadh ó OSPAR lena dtoirmisctear sceitheadh ó longa atá feistithe le EGCSanna lúb-oscailte agus lúb-iata i bhfarraigí teorann;

(ii). togra le haghaidh cinneadh ó OSPAR lena dtoirmisctear sceitheadh ó longa atá feistithe le EGCSanna lúb-iata agus lúb-oscailte in uiscí inmheánacha agus i limistéir chalafoirt, mar aon le togra le haghaidh moladh ó OSPAR atá le cur i bhfeidhm i bhfarraigí teorann.

Measann an Coimisiún go bhfuil géarghá le srianta ar sceitheadh EGCS a ghlacadh chun an mhuirthimpeallacht a chosaint ar thocsaineacht an sceite, ar an leibhéal domhanda más féidir. Ar leibhéal IMO, áfach, mar gheall ar fhócas reatha an tionscail an creat rialála atá ann faoi láthair a choinneáil (i.e. Rialachán 4 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc) lena gceadaítear iad a úsáid agus gan ach athbhreithniú a dhéanamh ar na treoirlínte neamhcheangailteacha atá ann cheana nach bhfuil mórán uaillmhéine acu, níl aon pheirspictíocht ann maidir le cur chuige rialála leordhóthanach sa ghearrthéarma ná sa mheántéarma; tugann sé sin údar le srianta ar sceitheadh ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach in áiteanna éagsúla ar fud an domhain, cuir i gcás, na tograí atá idir lámha, san Atlantach Thoir Thuaidh (féach thuas).

Dá bhrí sin, thacaigh an Coimisiún go comhsheasmhach le beart uaillmhianach in OSPAR, i gcomhréir le rogha (i) thuasluaite; an tráth céanna, i bhfianaise an chomhthéacs thuasluaite, creideann an Coimisiún gur cheart don Aontas solúbthacht a léiriú agus go bhféadfadh rogha (ii) a bheith ina comhréiteach inghlactha; mura nglacann roinnt Páirtithe Conarthacha leis an leibhéal uaillmhéine sin fiú, ba cheart an tsaincheist a chur faoi bhráid na nAirí, mar a chinn Cinn Toscaireachta OSPAR freisin i mí na Samhna seo caite.

Is é atá sa cheathrú gníomh atá beartaithe Moladh ó OSPAR maidir le dea-chleachtais i ndáil le bainistiú bruscair muirí, agus is é atá sa chúigiú gníomh atá beartaithe Plean Gníomhaíochta Réigiúnach um bearta comhordaithe chun torann faoi uisce a chosc agus a laghdú.

Is é is aidhm don Mholadh atá beartaithe maidir le cur i bhfeidhm dea-chleachtais comhshaoil chun bruscar muirí a laghdú, sásra a bhunú chun tuairisciú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil dea-chleachtas i ndáil le bruscar muirí á chur i bhfeidhm agus á scaipeadh ag Páirtithe Conarthacha (arna fhorbairt mar 'Chomhaontuithe Eile' de chuid OSPAR), ar thionchar an dea-chleachtais agus ar an ngá atá le cleachtais atá as dáta a athbhreithniú nó a tharraingt siar. Sainaithnítear i bPlean Gníomhaíochta réigiúnach OSPAR maidir le torann faoi uisce na gníomhaíochtaí is tábhachtaí atá le cur chun feidhme ar scála réigiúnach chun torann antrapaigineach faoi uisce a laghdú síos go leibhéil nach ndéantar dochar don mhuirthimpeallacht; ceann dá aidhmeanna ná cur chun feidhme cheanglais an Aontais maidir le torann faoi uisce ag Páirtithe OSPAR, ar Ballstáit den Aontas iad freisin, a éascú.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Le hAirteagal 6(1) de MSFD, ceanglaítear ar na Ballstáit úsáid a bhaint as 'struchtúir chomhair institiúideacha réigiúnacha atá ann cheana, lena n-áirítear iad siúd faoi Choinbhinsiúin maidir le Farraigí Réigiúnacha, lena gcumhdaítear an réigiún muirí nó an

foréigiún muirí sin' chun a gcuid straitéisí muirí a chomhordú. De réir Airteagal 4 de MSFD, is cuid de limistéar an Atlantaigh Thoir Thuaidh é foréigiún na Macrainéise. Tá sé ar an bhforéigiún is mó i bhfarraigí na hEorpa agus tá éagsúlacht shaibhir speiceas agus gnáthóg ag baint leis, a bhfuil cinn áirithe díobh ar liosta OSPAR 'speicis agus gnáthóga atá faoi bhagairt agus/nó atá ag dul i léig'. Faoi láthair, níl ach cuid d'uiscí fhoréigiún na Macrainéise laistigh de limistéar muirí OSPAR, de réir mar atá teorannaithe agus comhaontaithe ar leibhéal an Aontais.

An Spáinn agus an Phortaingéil, arb iad na tíortha sin amháin i measc thíortha an Aontais agus OSPAR a bhfuil uiscí teorann acu sa Mhacrainéis, tá togra comhpháirteach eisithe acu maidir le Coinbhinsiún OSPAR a leasú chun limistéar muirí OSPAR a ailíniú le teorainneacha MSFD. Leis an ailíniú sin, déanfar cur chun feidhme MSFD don dá thír sin a éascú trí chomhar feabhsaithe ar leibhéal OSPAR. Leis sin, neartófar cosaint speicis agus ghnáthóga leochaileacha an réigiúin sin chomh maith le cosaint a bhithéagsúlachta uathúla muirí agus cósta.

Tá fianaise leordhóthanach mar thaca le Cinneadh OSPAR atá beartaithe maidir le srianadh táirgí áirithe polaistiréine borrtha (EPS)/polaistiréine easbhrúite (XPS) agus tá sé i gcomhréir le reachtaíocht agus beartais an Aontais a bhaineann le truailliú plaisteach na bhfarraigí a laghdú, ar nós SUPD agus MSFD; dá bhrí sin, moltar go dtacóidh an tAontas le glacadh an Chinnidh seo.

Is gá gníomhaíocht a dhéanamh san Atlantach Thoir Thuaidh arb é is aidhm di sceitheadh ó ECGS ar bord long a laghdú; tá sé sin i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, mar shampla MSFD, Treoir (AE) 2016/802 maidir le laghdú ar an gcion sulfair i leachtbhreoslaí áirithe, an Treoir maidir le Truailliú ó Longa (2005/35/CE), agus seasaimh in IMO agus i bhfóraim idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear Coinbhinsiúin maidir le Farraigí Réigiúnacha ar fud na hEorpa; déanfar iarrachtaí na mBallstát a éascú maidir le dea-stádas comhshaoil a bhaint amach faoi MSFD agus faoin Treoir Réime maidir le hUisce[6], go háirithe maidir le héilleáin.

Cur i bhfeidhm na treoraíocht a éascú maidir le dea-chleachtas a forbraíodh faoi na Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha um Bruscar Muirí agus a ghlac OSPAR, trí sin a éascú, rannchuideofar leis an mbruscar sa mhuirthimpeallacht a laghdú, tá sé beartaithe, dá bhrí sin, go dtacóidh an tAontas le glacadh an mholta ghaolmhair thuasluaite.

Le bearta atá comhordaithe go réigiúnach in OSPAR, is féidir torann faoi uisce a laghdú agus beatha mhuirí agus bithéagsúlacht mhuirí a chosaint, mar aon le rannchuidiú le reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtúla, go háirithe MFSD; tá sé beartaithe, dá bhrí sin, go dtacóidh an tAontas le glacadh Phlean Gníomhaíochta réigiúnach OSPAR um torann faoi uisce.

An leasú atá beartaithe ar Choinbhinsiún OSPAR agus an cinneadh atá beartaithe maidir le cosc agus deireadh a chur le húsáid táirgí áirithe, agus toirmeasc a chur ar tháirgí áirithe a chur ar an margadh, tá siad ceangailteach ó thaobh dlí de ar pháirtithe conarthacha i gcomhthéacs OSPAR; Leis an gcinneadh atá beartaithe maidir le bainistiú uisce sceite ó chórais glantacháin gáis sceite (EGCS), leis an moladh maidir le bainistiú bruscair muirí, agus leis an bPlean Gníomhaíochta Réigiúnach um bearta comhordaithe chun torann faoi uisce a chosc agus a laghdú, cruthófar éifeachtaí dlíthiúla faoin dlí idirnáisiúnta. I bhfianaise chruinniú Choimisiún OSPAR an 23-27 Meitheamh 2025, tá gá le seasamh ón Aontas maidir leis na bearta sin atá beartaithe a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh. Ós rud é go n-éascófar cur chun feidhme bheartais agus reachtaíocht an Aontais leo agus go gcoiscfear damáiste don

[6] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce

mhuirthimpeallacht agus don bhithéagsúlacht mhuirí agus go gcuirfear feabhas ar chosaint na muirthimpeallachta agus na bithéagsúlachta muirí, tá sé beartaithe go dtacóidh an tAontas lena nglacadh.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[7].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Comhlacht is ea Coimisiún OSPAR a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin Coinbhinsiún OSPAR.

Na gníomhartha a iarrtar ar Choimisiún OSPAR a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de réir bhrí Airteagal 218(9) CFAE mar:

- tá gach Cinneadh OSPAR ceangailteach ó thaobh dlí de ar na Páirtithe Conarthacha, de réir mhír 2 d'Airteagal 13 de Choinbhinsiún OSPAR;
- Leis an Moladh maidir le dea-chleachtas comhshaoil a chur i bhfeidhm chun bruscar muirí a laghdú, agus leis an bPlean Gníomhaíochta Réigiúnach um Torann faoi Uisce, cruthaítear éifeachtaí dlíthiúla faoin dlí idirnáisiúnta, sa mhéid go gcruthaítear oibleagáidí de mheon macánta ar pháirtithe conarthacha iad a chur chun feidhme.

A mhéid a bhaineann leis an Moladh, is amhlaidh atá mar, le hAirteagal 13 de Choinbhinsiún OSPAR, cuirtear go sainráite de chúram ar Choimisiún OSPAR moltaí a ghlacadh, agus le hAirteagal 23 de Choinbhinsiún OSPAR, cuirtear d'oibleagáid ar na páirtithe conarthacha a gcomhlíontacht le moltaí OSPAR a thuairisciú agus a gcur chun feidhme a chur chun cinn.

Thairis sin, leis an bPlean Gníomhaíochta Réigiúnach um bearta comhordaithe chun torann faoi uisce a chosc agus a laghdú, cruthófar freisin éifeachtaí dlíthiúla de réir bhrí Airteagal 218(9) CFAE toisc go leagtar amach san ionstraim sin sraith cuspóirí/bearta coincréiteacha atá le cur chun feidhme ag páirtithe conarthacha, agus ag daoine eile nach iad, chun leibhéil torainn faoi uisce a laghdú, agus dá bhrí sin, tá oibleagáid á cruthú, <u>oibleagáid faoin dlí idirnáisiúnta</u> atá ar na páirtithe conarthacha na bearta sin nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí de a chur chun feidhme de mheon macánta.

Leis na gníomhartha atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach Choinbhinsiún OSPAR. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

---

[7] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin *v* an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe le cosaint an chomhshaoil. Dá bhrí sin, is é Airteagal 192(1) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é Airteagal 192(1) ba cheart a bheith i mbunús dlí an chinnidh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar ceann de na gníomhartha atá le glacadh de chuid Choinbhinsiún OSPAR, lena bhfuil an tAontas ina Pháirtí, le gníomh ó Choimisiún OSPAR, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2025/0076 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh, mar chuid den Choinbhinsiún maidir le cosaint mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh ag an gcruinniú aireachta i mí an Mheithimh 2025**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas Coinbhinsiún OSPAR (‘an Coinbhinsiún’) a thabhairt i gcrích le Cinneadh 98/249/CE ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 1997[8], agus tháinig sé i bhfeidhm an 25 Márta 1998.

(2) De bhun Airteagal 10(3) den Choinbhinsiún, féadfaidh an Coimisiún a bunaíodh le hAirteagal 10(1) den Choinbhinsiún (‘Coimisiún OSPAR’) Cinntí a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13 den Choinbhinsiún.

(3) Le linn an 28ú seisiún/cruinniú de Choimisiún OSPAR, dar tús an 23 Meitheamh 2025, tá sé chun an méid seo a leanas a ghlacadh: (i) Cinneadh maidir le leasú theorainneacha limistéar muirí OSPAR chun go n-áireofar ann uiscí atá faoi dhlínsí na Portaingéile agus na Spáinne agus uiscí idirnáisiúnta eatarthu sin, Cinneadh maidir le srian a chur le táirgí áirithe agus sceitheadh plaistigh sa mhuirthimpeallacht a chosc, agus Cinneadh maidir le bainistiú uisce sceite ó Chórais Glantacháin Gáis Sceite (EGCS) atá suiteáilte ar bord long; (ii) Moladh maidir le dea-chleachtais i ndáil le bainistiú bruscair muirí; agus (iii) Plean Gníomhaíochta Réigiúnach um bearta comhordaithe chun torann faoi uisce a chosc agus a laghdú.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoimisiún OSPAR a bhunú, ós rud é go gcruthóidh na bearta atá beartaithe agus atá le glacadh ag Coimisiún OSPAR éifeachtaí dlíthiúla de réir bhrí Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(5) Is é an seasamh ba cheart a bheith ag an Aontas vótáil i bhfabhar bhearta OSPAR thuasluaite toisc go n-éascófar leo cur chun feidhme bheartais agus reachtaíocht an Aontais, cuirfear cosc ar dhamáiste don mhuirthimpeallacht agus do bhithéagsúlacht mhuirí agus cuirfear feabhas ar chosaint na muirthimpeallachta agus na bithéagsúlachta muirí.

[8] Cinneadh 98/249/CE ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 1997 i ndáil le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh (IO L 104, 3.4.1998, lch. 1)

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa [28ú] cruinniú de Choimisiún OSPAR, dar tús an 23 Meitheamh 2025, tacú le glacadh na mbeart seo a leanas:

(a) an Cinneadh maidir le leasú theorainneacha limistéar muirí OSPAR chun go n-áireofar ann uiscí atá faoi dhlínse na Portaingéile agus na Spáinne agus uiscí idirnáisiúnta eatarthu sin; an Cinneadh maidir le srian a chur le táirgí áirithe chun sceitheadh plaistigh sa mhuirthimpeallacht a chosc; an Cinneadh maidir le bainistiú uisce sceite ó Chórais Glantacháin Gáis Sceite (EGCS) atá suiteáilte ar bord long;

(b) an Moladh maidir le dea-chleachtais i ndáil le bainistiú bruscair muirí;

(c) an Plean Gníomhaíochta Réigiúnach um bearta comhordaithe chun torann faoi uisce a chosc agus a laghdú.

*Airteagal 2*

I bhfianaise forbairtí ag cruinniú Chinn Toscaireachta OSPAR an 14-16 Bealtaine 2025 nó ag an 28ú cruinniú de Choimisiún OSPAR an 23-26 Meitheamh 2025, féadfaidh ionadaithe an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit le linn cruinnithe comhordaithe ar an láthair, comhaontú le mionchoigeartú ar an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1, gan aon chinneadh eile ón gComhairle.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*